

Coiste Iniúchta
an Roinn Gnóthaí
Eachtracha

# tuarascáil bhliantúil 2007

An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh. | 1 |
| Cairt an Choiste Iniúchta | 5 |
| Feidhmiú an Choiste Iniúchta | 6 |
| Timpeallacht Iniúchta na Roinne | 7 |
| 1. Struchtúr na Roinne | 7 |
| 2. Timpeallacht Eachtrach | 7 |
| 3. Aidhmeanna Ard Leibhéal, 2008-2010 | 8 |
| 4. Bainistíocht Airgeadais | 8 |
| Ráitis agus Moltaí an Choiste iniúchta 2007 | 10 |
| 1. Córais Bhainistíochta Eolais agus Smachtaí Inmheánacha | 10 |
| 2. Iniúchadh Inmheánach | 11 |
| 3. Luacháil | 13 |
| 4. Riosca d' Aithint | 14 |
| 5. Cúrsaí Acmhainne agus Eagraíochta | 16 |
| Aguisín 1 – Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta | 20 |
| Aguisín 2 – Doiciméid Tábhachtacha a Phléigh an Coiste iniúchta | 21 |
| Aguisín 3 – Léiriúcháin Faighte ag an gCoiste iniúchta | 22 |
| Aguisín 4 – Achoimre ar Chaiteachas 2007 | 23 |
| Aguisín 5 – Iniúchtaí, Luachála agus Athbhreithnithe ar Luach as an Airgead i 2007 | 25 |

# Ráiteas an Chathaoirligh 2007

## Ráiteas ag Cathaoirleach Choiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha

Ta áthas ar Choiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí eachtracha a thuarascáil bhliantúil a thabhairt do Ard Rúnaí An Roinn Gnóthaí Eachtracha atá ina oifigeach cuntasaíochta do Vótaí 28 agus 29.

| | | Meastachán comhlán (€m) | Táirgeacht comhlán (€m) |
|---|---|---|---|
| Vóta 28 | Gnóthaí Eachtracha | 214.9 | 205.0 |
| Vóta 29 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 729.8 | 727.0 |
| | **Iomláin** | **944.7** | **932.0** |

Leantar do bhaill an Choiste Iniúchta do bheith tógtha ó lasmuigh des na Ranna Rialtais. Tá áthas orainn a thuairisciú gur leanadh leis an gcleachtas agus leis an bpatrún de chuid an Roinn Gnóthaí Eachtracha tabhairt faoi moltaí déanta ag an gCoiste Iniúchta le linn 2007.

I dtuairisc na bliana seo caite thugamar faoi ndeara go bhfuil Cúnamh Éireann ag staid an-chriticiúil ina chuid staire agus go gcuireann na trí thionchar de (i) leithdháileadh suntasach mór cistíochta do chúnamh thar sáile; (ii) fógra faoi thíortha cláir nua breise; agus (iii) dílárú Cúnamh Éireann go Luimneach uile dúshláin, deiseanna agus rioscaí sainiúla romhainn. Soláthraíonn seacht gcinn de eilimintí timpeallacht iniúchta na Roinne, atá leagtha amach ins an rannóg dár teideal **Timpeallacht Iniúchta na Roinne** cinnteacht ar láimhseáil cheart an chiste phoiblí.

Admhaíonn an Coiste Iniúchta gur féidir cás an-láidir a bheith déanta ar son tacaíocht dos na modhanna cúnaimh a dhíríonn acmhainní trí chórais rialtais. Mar sin féin caithfear féachaint ar na buntáistí a leanann i gcomhthéacs na rioscaí muiníneacha. Tá buairt ar an gCoiste faoi chúrsaí in a lán tíortha i mbéal forbartha, go bhfuil tréithe na calaoise le feiceáil iontu, go bhfuil laigí suntasacha ina gcórais cuntasaíocht agus airgeadas rialtais, agus dá bharr san bíonn na tuarascálacha iniúchta gan muinín iomlán. Éiríonn na gnéithe smachta seo ó chórais laga chuntasaíochta, smachta airgeadais inmheánacha, cumas agus ar choinneáil foirne. Tá Cúnamh Éireann, chomh maith le deonaithe eile, ag obair chun córais smachta inmheánaigh a neartú i dtíortha páirtithe (féach bosca ar leathanach a 14 ina bhfuil sampla an-mhaith). Tá sé riachtanach go leanann sé leis agus go bhfuil fianaise ann go bhfuil tús á chur le córais Bainistíocht Airgeadais Phoiblí muiníneach ag teacht chun solais ins na tíortha i bpáirtíocht linn.

Agus sinn ag oibriú linn chun na h-aidhmeanna sin a shroicheadh, molann an Coiste Iniúchta go láidir go n-oibríonn Cúnamh Éireann leis le deonaithe eile in acmhainn agus cumas Oifigí na n-Ard Reachtaire inár gclár-thíortha a fhorbairt. Chun an aidhm seo a chur i gcrích, tá an Coiste Iniúchta den dtuairim láidir go bhfuil sé rí-thábhachtach go n-earcódh agus go bhforbródh Cúnamh Éireann cumas agus sainiúlacht ins na córais Bhainistíochta Airgeadais Phoiblí.

d' Oibrigh an Coiste Iniúchta i dteannta leis an mBord Comhairleach do Chúnamh Éireann le linn 2007 ar ocht gcinn de thionscnaimh thaighde dírithe ar na cleachtais is fearr i dtomhas tionchar cúnaimh agus tionscnamh forbartha a dhoiciméadú. Tá an taighde tábhachtach seo idir thráthúil agus dúshlánach agus tá an chaoi aige dul i bhfeidhm go láidir ar an gclár polasaí ins na blianta amach romhainn. Tá an taighde sainiúil sa tslí go léiríonn sé cé chomh deacair agus chomh casta is a fhéadfadh sé tionchar a thomhas i slí muiníneach agus éifeachtach ó thaobh chostais de. Le linn 2008, ba mhaith leis an gCoiste Iniúchta freagra tomhaiste, struchtúrach a fheiceáil ó bhainistíocht sinsearach Cúnamh Éireann don ngrúpa taighde seo agus tograí a spreagadh, a scaipfeadh chomh forleathan is a fhéadfadh, fianaise agus torthaí an taighde.

Comharthaíonn Togra an Taoisigh ar VEID/SEIF an tiomantas dáiríre atá ag Éirinn chun straitéis a fhorbairt a fhreagraíonn go h-iomchuí don scaipeadh scanrúil uile-dhomhanda a chuireann laincis chomh mór sin ar chur i bhfeidhm aidhmeanna agus spriocanna na forbartha. Thug an Coiste Iniúchta aire mhaith, le linn 2007, do athbhreithniú na modhanna difriúla a bhí á riaradh ag Cúnamh Éireann i leithdháileadh cistíochta do straitéis a dhéanann iarracht ar throid i gcoinne ghalair uile-dhomhanda. Tá an Coiste Iniúchta buartha nach ionann acmhainn a dóthain ag leibhéal foirne Cúnamh Éireann agus an leibhéal tiomantas ard polaitíochta ar fhreagracht do VEID/SEIF uile-dhomhanda. Gineann an rud seo rioscaí feidhmiúcháin agus rioscaí trom-chúiseacha eile do bhainistíocht clár éagsúil, casta VEID/SEIF de chuid Chúnamh Éireann. Tá sé den chruinn riachtanais go neartaíonn Cúnamh Éireann a acmhainní foirne go suntasach san chlár VEID/SEIF chun cumas agus saineolas a threisiú nó, ar an dtaobh eile den scéal, go bpleanálann agus go n-oibríonn sé clár níos simplí gur féidir leis an bhfoireann bhunaidh atá ann a láimhseáil go muiníneach agus go proifisiúnta.

Inár dtuarascáil do 2006, chuireamar fáilte roimh Athbhreithniú Bhainistíochta pleanáilte Cúnamh Éireann mar ar fógraíodh san Pháipéar Bán. Gheall an t-Athbhreithniú seo struchtúir agus feidhmeanna Cúnamh Éireann a scrúdú d'fhonn a dheimhniú gur féidir leo tacú le fás todhchaí an Chláir Chúnaimh i slí a dheimhníonn cáilíocht agus freagracht. Mhol tuarascáil na bliana seo caite don Athbhreithniú Bainistíochta gnéithe i struchtúr na h-eagraíochta a scrúdú i dtaobh an Chláir Chúnaimh chun a chinntiú go bhfuil sé suite go maith chun Clár Cúnaimh éifeachtach a sheachadadh mar a mhéadaíonn an buiséad. Bhuail an Coiste Iniúchta le Comhairleoirí Athbhreithnithe Bainistíochta agus le Coistí Stiúrtha le linn an phróisis. Táimid ag tnúth go mór le radharc a fháil ar an dtuarascáil deiridh agus deirimid go láidir go bhfuil sé fíor-thábhachtach go leanfadh gníomhaíocht láidir ón Athbhreithniú Bhainistíochta, a dheimhníonn go bhfuil Cúnamh Éireann á bhainistiú de réir an chleachtais is fearr agus leis na córais iomchuí do tharmligean an údaráis.

Imlíníonn an Coiste Iniúchta ins an dtuairisc seo ráitis agus ábhair bhuartha iomchuí faoi chúig cinn difriúla de chinn teidil ins an Rannóg dár dteideal **Ráitis agus Moltaí an Choiste Iniúchta do 2007.** Déanann an Coiste roinnt mholtaí sainiúla ag léiriú an ard-leibhéil riosca bainteach le timpeallacht chúnaimh fhorbartha ach dóchasach go mbeidh na moltaí seo in ann chumas a fhorbairt agus leibhéal an iniúchta agus cinnteacht na luachála a ardú. Tá teacht ar na moltaí seo trí fhéachaint ar na 'pointí piléar' leis an gcló trom.

Tá fócas an Choiste Iniúchta do 2008 imlínithe faoin Rannóg a shonraíonn **Feidhmiú an Choiste Iniúchta**.

Is maith lom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCoiste Iniúchta – le John A. Jackson, nach maireann, le Valerie Little, agus le John S. Pittock – dá gcuid ama agus a gcuid rann-pháirtíochta san obair i rith na bliana. Táim sásta leis an nuacht go bhfuil líon an choiste iniúchta ardaithe le ceapachán le linn 2008 an Dr. Richard Boyle, Ard Oifigeach Taighde, Institiúid Riaracháin Phoiblí agus an t-Uasal Philip Furlong, Ard Rúnaí tráth An Roinn Ealaín, Spóirt agus Turasóireachta.

Ar son an Choiste Iniúchta is maith liom ár mór-bhuíochas a ghabháil don dtacaíocht agus don gcomhoibriú faighte ó bhainistíocht agus ó fhoireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe seo tá baill an Choiste a n-iontas agus a n-ard-mheas a chur in iúl i dtaobh an chaighdeáin agus an tiomantais ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann a sheachadann misean an Roinn Gnóthaí Eachtracha i bhfíor-spioraid dualgais phoiblí.

Ar deireadh thiar, is maith liom mó bhuíochas a ghabháil leis an fhoireann uile a ghlac páirt ann, nó a dhein léiriúcháin, don gCoiste i rith na bliana. Is maith liom, chomh maith, an taca oibre don Choiste Iniúchta a admháil, a thug foireann an Aonad Luachála agus Iniúchta – Finbar O Brien, Tom Hennessy, Brian Nolan, Donal Murray, Patrick Empey, Anne Barry and Seamus O Grady.

Ag an am go bhfuil an rud seo á scríobh, tá Finbar O Brien agus Patrick Empey tar éis imeacht ón Aonad Luachála agus Iniúchta.

**Gerard O'Connor**
**Cathaoirleach**
**Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha**

**Dáta:**

# Ballraíocht an Choiste Iniúchta

Tá baill an Choiste Iniúchta neamhspleách ina iomlán agus ceaptha ó lasmuigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha. Táid ceaptha ag Ard Rúnaí na Roinne.

**Le linn 2007, b' iad baill an Choiste ná:**

An t-Ath, Gerard O Connor, Cathaoirleach an Choiste. Oibríonn an t- Ath O Connor i bParóiste Úllord na Silíní, Baile Átha Cliath le cúlra i bhForbairt agus i gCuntasaíocht. I láthair na h-uaire tá sé mar bhall de Bhord Comhairleach Cúnamh Éireann (Ceaptha Samhain 2003).

An t-Ollamh John A. Jackson, nach maireann, Ollamh emeritus Soc-eolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí an tOllamh Jackson ina Chathaoirleach cheana ar Choiste Comhairleach Cúnamh Éireann agus ina bhall de Choiste Athbhreithnithe Cúnamh Éireann (Ceaptha Samhain 2003, d'éag Meitheamh 2007).

Tá an t-Uasal John S. Pittock ina Chuntasóir Cairte agus bhí sé ina chathaoirleach ar Deloitte (Ceaptha Samhain 2003).

Tá Ms. Valerie Little ina Bainisteoir Acmhainní Daonna de Ghréasáin BSL, agus tráth mar Cheann ar Iniúchadh Inmheánach, Bord Soláthar an Leictreachais (Ceaptha Meitheamh 2004.

Tá an t-Uasal Michael Scott ina Cheann tráth ar Luacháil agus Iniúchadh, Cúnamh Éireann (Ceaptha Meitheamh 2006).

Tá an Dr. Richard Boyle ina Oifigeach Sinsearach Taighde, Institiúid Riaracháin Phoiblí (Ceaptha Eanáir 2008).

Tá an t-Uasal Philip Furlong ina Ard Rúnaí tráth ar an Roinn Ealaín, Spóirt agus Turasóireachta (Ceaptha Eanáir 2008).

# Cairt an Choiste Iniúchta

Tá Coiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha ceaptha go foirmiúil ag Ard Rúnaí an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus tuairisceoidh siad chuige agus é ina oifigeach cuntasaíochta do Vóta 28 agus 29 (Gnóthaí Eachtracha Ginearálta agus Cúnamh Éireann, An Roinn Gnóthaí Eachtracha, faoi seach). Mar is iomchuí, tabharfaidh siad comhairle don Aire Gnóthaí Eachtracha agus don Aire Stáit do Fhorbairt Chomhoibrithe.

Beidh Cathaoirleach agus ar a laghad trí ghnáth-bhall a bheidh tarraingthe ó lasmuigh den Roinn ag an gCoiste. Beidh taithí cuntasaíochta ginearálta, taithí iniúchta proifisiúnta nó taithí proifisiúnta i gcomhoibriú forbartha agus i luacháil na gclár cúnaimh ag baill an Choiste. Is féidir taithí breise a bheith chomh-thofa ar bhonn chomhairlithe. Friothálfaidh na baill ar feadh dhá bhliain, ar a laghad i dtreo is go mbeadh ceannas éifeachtach ar an gclár. Buailfidh an Coiste le chéile sé uair ar a laghad gach bliain.

Soláthróidh an Coiste measúnú neamhspleách ar shocruithe iniúchta agus luachála don dá Vóta seo chun smachtaí inmheánacha agus bainistíocht riosca a neartú, chomh maith le h-oibriú éifeachtach feidhmiú an iniúchta agus na luachála laistigh de Vóta Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann (Stiúrthóireacht Comhoibriú Forbartha laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha).

Tabharfaidh an Coiste tuairisc bhliantúil do Ard Rúnaí ar a chuid oibre i leith an dá Vóta seo. Beidh sé seo bunaithe, inter alia, ar:

- athbhreithniú ar an straitéis luachála agus iniúchta do chláir Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann agus clár oibre bliantúil ag eascair as seo.
- athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na gclár seo ag Gnóthaí Eachtracha agus ag Aonad Iniúchta agus luachála Cúnamh Éireann;
- athbhreithniú ar na h-acmhainní ar fáil don ngnó seo;
- athbhreithniú ar chórais inmheánach smachta Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann;
- athbhreithniú ar chórais bhainistíochta riosca i Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann.

Os rud é gur ceann de fheidhmeanna Bhord Comhairleach Cúnamh Éireann, an foras neamhspleách ceaptha ag an Rialtas, é "ceannas a bheith aige ar chláir agus thograí Cúnamh Éireann le smacht ginearálta ar pholasaí agus ar chaiteachas", beidh ball den mBord Comhairleach i gcónaí ar an gCoiste Iniúchta.

Tabharfaidh an Coiste cuireadh don Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste, nó dá (h)ionadaí, chun bualadh leis ar laghad uair amháin sa bhliain.

# Feidhmiú an Choiste Iniúchta

Feidhmíonn an Coiste Iniúchta trí shraith de chruinnithe rialta a bheith aige, ina ghlacann sé le tuairiscí, ina lorgaíonn sé léirithe ó fhoireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ina ndéanann sé moltaí. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchta ar obair Aonad Luachála agus Iniúchta Cúnamh Éireann (go bhfuil aithne air laistigh den Roinn mar Stiúrthóireacht Comhoibrithe Forbartha).

Siad aidhmeanna príomha Aonad Luachála agus Iniúchta breithmheas a thabhairt ar na córais agus ar na ghnáthaimh atá le bheith ag smachtú ghnáthamh An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ar oiriúnacht na socruithe do úsáid eacnamaíoch agus éifeachtach an chiste airgid. Cuireann feidhm na Luachála le ceacht foghlama agus le forbairt pholasaí laistigh de gclár Cúnamh ina iomlán.

Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta do Ard Rúnaí An Roinn Gnóthaí Eachtracha lena mbíonn teagmháil rialta aige. Bhuail an Coiste le chéile naoi n-uaire le linn 2007.

Chomh maith leis na cruinnithe sin thug an t-Ollamh John A. Jackson agus an t-Uasal Michael Scott cuaird ar Chomhoibriú Idirnáisiúnta na Sualainne (SIDA) i Márta 2007 le h-aghaidh chruinnithe lena roinn luachála.

Chun tuairim a thabhairt ar leithne chlúdach gníomhaíochtaí an Choiste i rith na bliana liostálann Aguisín a 2 leis an dtuairisc seo roinnt de doiciméadú athbhreithnithe agus liostálann Aguisín a 3 na léiriúcháin faighte ag an gCoiste Iniúchta.

Le linn 2007 b' iad na gnéithe príomha a dhéileáil an Coiste leo ná:

- Tacaíocht Cúnamh Éireann do VEID/SEIF;
- Freagracht as Ranníocaíochtaí Cúnamh Éireann do Eagraíochtaí Iltaobhacha;
- Ag Tomhas Measúnú an Tionchair san Chlár Cúnaimh;
- Clár Idirnáisiúnta Chomhar na nDeonaithe;
- Athbhreithniú Bhainistíochta Cúnamh Éireann;
- Fráma Oibre Smacht Inmheánach na Roinne agus Úsáid Eolais Bhainistíochta;
- Acmhainní Eagrúcháin.

Tá an Coiste Iniúchta tar éis roinnt ghnéithe príomha a leagadh amach do 2008 mar:

- Teagmháil Cúnamh Éireann leis na Náisiúin Aontaithe (i gcomhar le Bord Comhairleach Cúnamh Éireann);
- Bainistíocht Airgeadais Phoiblí i dtíortha an chláir

# Timpeallacht Iniúchta na Roinne

## 1. Struchtúr na Roinne

Faoi cheannas polaitíochta an Aire Ghnóthaí Eachtracha, tá an Roinn faoi bhainistíocht an Ard Rúnaí atá mar an t-oifigeach cuntasaíochta dá dhá Vóta – Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus Vóta 29 (Comhoibriú Forbartha nó Cúnamh Éireann). Tá tacaíocht á fháil ag an Ard Rúnaí o Choiste Comhairle Bainistíochta (CCB) ina bhfuil Cinn Ranna príomha na Roinne.

Tá obair na Roinne roinnte idir thrí cinn déag de ranna ag an gCeann-cheathrú (CC) agus oifigí taidhleoireachta agus consail, 75 cinn ar fad, thar lear (go dtugtar "Misin" orthu) chomh maith le Rúnaíocht Gaeil-Anglach Idir-Rialtais i mBéal Feirste agus Chomh-Rúnaíocht Chomhairle Airí Thuaidh-Theas in Ard Mhacha. I measc na n-oifigí taidhleoireachta agus consal thar lear tá naoi gcinn de oifigí páirce, ins an Afraic, ach go h-áirithe, atá freagrach as bainistíocht chlár Cúnamh Éireann i dtíortha déthaobhacha.

## 2. Timpeallacht Eachtrach

Oibríonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha i dtimpeallacht chasta uile-athraitheach arna mhúnlú ag tionchair Eorpacha agus tionchair níos leithne fós. Tá cur i gcrích na n-aidhmeanna, mar sin, ag braith ní h-amháin ar iarrachtaí na Roinne ach ar iompar Stát agus slán-aonad eile.

De bharr a chasta is atá an timpeallacht eachtrach, tá sé riachtanach go bhfuil na h-acmhainní ar fáil don Roinn scaipthe sa mhodh is éifeachtúla agus is féidir. Ní oibríonn sé agus ní féidir leis oibriú leis féin. Comhoibríonn an Roinn go dlúth le Ranna Rialtais eile go bhfuil freagrachtaí eachtracha acu, chun cur le h-aimsiú na spriocanna atá leagtha síos i gClár an Rialtais agus i gConarthaí Páirtíochta leanúnacha.

Soláthraíonn Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise agus Forógra Paris (FP) ar Éifeacht Chúnaimh an bonn do chomhaontas idirnáisiúnta ar cad tá le bheith déanta chun bochtaineacht a laghdú agus forbairt a spreagadh. Leag Forógra Paris, sínithe ag Fóram Ard Leibhéal CFC i Feabhra 2005, amach tiomantais agus spriocanna do dheonaithe agus do thíortha páirtithe chun luas éifeacht an chúnaimh fheabhsaithe a ghéarú. Tá geallta ag an Rialtas leibhéal an Chúnaimh Fhorbartha thar lear a mhéadú chuig 0.7% den OTN faoi 2012, rud a thabharfadh buiséad sa bhreis ar €1 bhilliún don bhliain sin.

Mar dheonaithe eile, tá Cúnamh Éireann ag oibriú i dtimpeallacht le mór-chuid rioscaí ann. Bheadh caighdeán an smachta, na córais chuntasaíochta agus an iniúchadh náisiúnta, ach go háirithe, i dtíortha páirtithe agus eagraithe ag céim níos ísle ná mar a bheifí ag súil leis in Éirinn agus i dtíortha forbartha eile.

## 3. Aidhmeanna Ard Leibhéal, 2008-2010

Siad ard aidhmeanna na Roinne mar ar leagadh amach iad san Ráiteas Straitéis don dtréimhse 2008-2010[1] ná:

| | |
|---|---|
| **Cabhrú le síochán agus le slándáil idirnáisiúnta, coimhlintí a réiteach, meas ar chearta daonna agus ar an dlí, agus taca a thabhairt do straitéisí coitianta éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin domhanda.** | Cur i ngníomh ina iomlán Aontas Aoine an Chéasta trí thacú le oibriú éifeachtach a institiúid, ag neartú chomhoibriú Thuaidh Theas agus ag obair do athmhuintearas buan. |
| **Seachada na ngealltanas sa Pháipéar Bán ar Chúnamh Éireann trí bhochtaineacht a ísliú, trí thacú le forbairt inmharthana comhoibriú forbartha a chur chun cinn mar chuid bhunúsach de pholasaí eachtrach na hÉireann.** | **Éire, a gaolta déthaobhacha le tíortha eile a chur chun cinn, ár ngnéithe eacnamaíoch a chur céim ar aghaidh agus ár bpróifíl chultúrtha thar lear a uasmhéadú.** |
| **Aire a thabhairt do chúrsaí na h-Éireann san AE agus páirt iomlán a ghlacadh in fhorbairt an Aontais sa todhchaí.** | **Seirbhís de ard-chaighdeán pas agus consail a sholáthar do chathróirí uile na h-Éireann agus gabháil go gníomhach le Gaeil an Domhain Mhóir.** |

## 4. Bainistíocht Airgeadais

Bé caiteachas iomlán na Roinne san bhliain airgeadais 2007 ná €935 déanta suas de Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha — €205 milliún), agus Vóta 29 (Chomhoibriú Idirnáisiúnta — €727 milliún). Tá cineál an chaiteachais an-difriúil i ngach Vóta. Is costais riaracháin den gcuid is mó atá i Vóta 28 ach i gcás Vóta 29 tá os cionn 90% de gcáiteacha bainteach leis an gclár.

Socruithe Iniúchta na Roinne: Gné príomha den bhfráma freagrachta ina n-oibríonn an Roinn is ea an t-Iniúchadh. Siad eilimintí an iniúchta idir inmheánach agus eachtrach ná:

1. **An t-Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC)** – a dhéanann iniúchadh ar na Cuntais Leithghabhála bliantúla do gach Vóta, agus ó am go chéile déanann sé obair de short eile, ina measc iniúchtaí ar luach as an airgead. Toirbhríonn an ARCC a chuid tuarascálacha do Choiste na gCuntas Poiblí.
2. **Coiste na gCuntas Poiblí (CCP)** na Dála–a scrúdaíonn tuarascálacha an ARCC agus go bhfuil de dualgas ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne freastal air.
3. **Coiste Gnóthaí Eachtracha** an Chomh Oireachtais – Ceadaíonn an Coiste na Meastacháin do gach Vóta atá curtha i láthair i bhformáid *Ráiteas Aschur Bliantúil* ag ceangal costas le h-aidhmeanna agus le spriocanna ard-leibhéal le táscairí gníomhaireachta príomha gaolmhara.
4. **Coiste Iniúchta** na Roinne a dhéanann athbhreithniú agus moltaí ar an iniúchadh ilbhliantúil agus pleananna oibre luachála agus ar a gcur i bhfeidhm.
5. Déanann **an t-Aonad Luachála agus Iniúchta**, atá suite i Stiúrthóireacht Comhoibritheach Forbartha (go bhfuil aithne air thar lear mar Cúnamh Éireann) bainistíocht ar:

   ↗ Feidhm Luachála Cúnamh Éireann. Sé atá sa luachái ná measúnú córasach, cuspóireach an dearadh, an cur i bhfeidhm agus torthaí tionscnamh, clár agus polasaithe. Go speisialta

1 A thagann in áit an Ráitis Straitéisigh don dtréimhse 2005 go dtí 2007

déanann sé measúnú ar éifeacht idirghabhála i gcoinne an chuspóra luaite. Tá ról criticiúil ag luacháil, chomh maith, i gceachtanna a fhoghlaim agus ag tacú le fráma oibre freagrachta iomláine Cúnamh Éireann.

- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh do Vóta Gnóthaí Eachtracha agus Cúnamh Éireann araon. Déanann an fheidhm seo athbhreithniú ar chórais an smachta inmheánaigh agus bíonn se ag iarraidh cruthúnas ar cheart úsáid cistíochta poiblí. Tá tacaíocht á fháil ag feidhm Iniúchta Inmheánaigh Cúnamh Éireann ó iniúchóirí inmheánacha lonnaithe in oifigí páirce Thíortha an chláir.
- Athbhreithnithe ar Luach as an Airgead (cf. 7. thíos).

Tuairiscíonn ceann an Aonaid Luachála agus Iniúchta díreach chuig an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28 agus, trí Stiúrthóir Ghinearálta Cúnamh Éireann do Vóta 29.

6. **Iniúchtaí coimisiúnaithe go h-eachtrach** arna dhéanamh ag comhlachtaí le cáil idirnáisiúnta orthu i dTíortha Chláir Cúnamh Éireann. Chomh maith lena chuid iniúchta inmheánach féin bíonn an t-Aonad Luachála agus Iniúchta ag giaráil a chuid acmhainní trí iniúchtaí a coimisiúnú i dTíortha Chláir a dhéanann comhlachtaí go bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu. Braitheann an t-Aonad, chomh maith, ar iniúchtaí páirtithe bídís déanta ag comhlachtaí le cáil idirnáisiúnta orthu (coimisiúnaithe ag páirtithe) nó ag na h-Ard Reachtairí Náisiúnta. Oibríonn Cúnamh Éireann lámh ar láimh le deonaithe eile chun cabhrú le páirtithe a gcórais bhainistíochta airgeadais agus freagrachta a neartú ag leanúint moltaí próiseas an iniúchta.

7. **Tionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithniú ar Pholasaí** – Déanann an Roinn Athbhreithnithe Luach as an Airgead faoi Thionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithniú Polasaí de chuid na Roinne Airgeadais. Faoin mbabhta reatha (2006 – 2008) tá cúig cinn de athbhreithniú ar siúl, ag clúdach an dá Vóta (Aguisín a 5).

# Ráitis agus Moltaí an Choiste iniúchta 2007

De réir a Chairte, tá obair an Choiste Iniúchta i leith dhá Vóta na Roinne dírithe ar na gnéithe seo a leanas:

1. Córais Bhainistíochta Eolais agus Smachtaí Inmheánacha
2. Iniúchadh Inmheánach
3. Luacháil
4. Riosca d'aithint
5. Gnéithe Eagraithe agus Acmhainne

Tá ráitis agus moltaí príomha an Choiste ar gach ceann des na gnéithe seo leagtha amach i gcuid seo na tuarascála.

## 1. Córais Bhainistíochta Eolais agus Smachtaí Inmheánacha

Fáiltíonn an Coiste roimh cur i bhfeidhm na moltaí san chuid seo óna chuid tuarascálacha cheana.

Aithníonn an Coiste Iniúchta na róil tábhachtacha a bhí ag an nGrúpa Monatóireachta Caiteachais agus ag Grúpa Sinsear Bainistíochta Cúnamh Éireann i mbainistíocht leithdháileadh dhá Vóta na Roinne. Molann an Coiste nuair a bhítear ag ceapadh foirne ag bainistíocht na Roinne go dtógfaí ceann den ghá taca a thabhairt do oibriú éifeachtach fráma oibre smachta inmheánach airgeadais na Roinne.

Tá smacht iomlán ar iniúchadh neamhspleách chaiteachas iomlán an Rialtais ag an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an Oifig tar éis tuairisc a thabhairt ar na cuntais leithdháileadh do Vóta 28 agus do Vóta 29 do 2007 agus níor léiríodh aon ghnéithe smachta neamh-choitianta iontu.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh bhunú Ghrúpa Oibre Bhainistíocht Eolais i gCúnamh Éireann agus tá sé ag súil lena aschur, a chlúdaíonn an tuairisciú a eascraíonn ó na córais bhainistíochta airgeadais.

De bharr leathnú an chláir chúnaimh agus athrú ard foirne le taithí de bharr díláraithe tá forbairt straitéis bhainistíochta eolais an- tábhachtach chun tacú le Cúnamh Éireann a aidhmeanna a bhaint amach ins na blianta romhainn amach.

Tugann an coiste faoi ndeara gur chríochnaigh Cúnamh Éireann athbhreithniú cuimsitheach ar phróisis mholtaí chláir i 2007. Tá sé ag súil go mbeidh na h-aschuir as an athbhreithniú seo ag soláthar nirt do phróisis mholtaí Cúnamh Éireann, gur chóir a bheith aontaithe, caighdeánach agus cuimsitheach agus nasctha le socruithe smachta foirmiúla bhuiséad na h-eagraíochta.

### Moltaí:

**Molann an Coiste Iniúchta go:**

- **dTugtar éisteacht cheart do mholtaí Ghrúpa Oibre Bhainistíocht Eolais Cúnamh Éireann ag an mbainistíocht agus go gcuirtear i bhfeidhm é nuair is cuí;**
- **Bhfuil fócas leanúnach ag an mbainistíocht ar athbhreithniú agus ar fheabhsú smachta inmheánacha, le tuairisciú struchtúrach chuig an Coiste ar chur i bhfeidhm an fráma oibre smachtaí inmheánacha;**
- **Neartaíonn Cúnamh Éireann a chóras moltaí agus a ghnáthaimh ghaolmhara smachta bhuiséid chun deimhin a dhéanamh de go bhfuilid oiriúnach do mhéid agus do chastacht an chláir chúnaimh.**

## 2. Iniúchadh Inmheánach

Tá iniúchadh inmheánach mar cheann de eilimintí príomha i socraithe smachta an Chláir Chúnaimh. Sé príomhaidhm chlár iniúchta Cúnamh Éireann cinnteacht d'fháil go bhfuil an chistíocht tugtha in úsáid don gcúis gur tugadh í.

Gníomhaíonn an t-Aonad Luachála agus Iniúchta ar bhonn phlean trí bhliana oibre as a chéile go ndéanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú air. Tógann an plean oibre san áireamh forbairtí ins an gclár cúnaimh ina iomlán agus ins na ceantair go meastar go bhfuil an riosca níos mó.

I 2007 clúdaíodh an t-iniúchadh trí:

- Obair a déanadh go díreach ag Aonad Iniúchta agus Luachála Cúnamh Éireann, agus ag ár n-iniúchóirí inmheánacha ag Misin i dtíortha an chláir;
- Obair a déanadh ag comhlachtaí iniúchta le cáil idirnáisiúnta orthu á gcoimisiúnú ag Cúnamh Éireann;
- Iniúchtaí maoinithe ag chomh-dheonaithe de chláir faoi leith (m.sh. ar an rannóg talmhaíocht i Mósaimbíc, áit go gcomh-mhaoiníonn Éire iniúchadh le Ceanada, An Danmhairg, an tSualainn, an Ostair agus an Fhionlainn, agus:
- Tuarascálacha iniúchta faighte ó eagraíochtaí ina bpáirtithe (m.sh. Rialtais atá mar pháirtithe i dtíortha an chláir – ina mbíodh na h-iniúchtaí déanta ag Oifigí Iniúchta Náisiúnta – agus ag Eagraíochtaí Neamh Rialtais).

Laistigh de phlean oibre an iniúchta tá níos mó béime curtha ar chlár thíortha Cúnamh Éireann de bhrí go bhfuil caiteachas sa cheantar seo ina chuí mhór den bhuiséad iomlán agus den riosca bainteach leis. Os rud é go bhfuil córais smachta i dtíortha ag teacht chun forbartha lag go minic, oibríonn Cúnamh Éireann lámh ar láimh le rialtais atá i bpáirtithe leo agus le h-eagraíochtaí eile chun feabhas a chur ar a gcórais airgeadais agus cuntasaíochta. Clúdaíonn an obair seo institiúid iniúchta agus caighdeáin iniúchta a neartú i dtreo is go mbeidís ar aon dul leis an gcleachtas is fearr idirnáisiúnta agus leis an cur chun cinn is fearr gur féidir nuair is iomchuí. Sa chomhthéacs seo d'athbhreithnigh an Coiste Iniúchta na Tuairiscí Iniúchta ar chaiteachas do 2005 (an bhliain is déanaí go bhfuil sonraí ar fáil di), ina raibh sonraí ar ghnéithe iniúchta ó thuarascálacha tíortha an chláir.

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara go bhfuil cuid mhór de chaiteachas chláir Chúnamh Éireann caite trí chórais Rialtais atá ina bpáirtithe leo. Taispeánann an dearcadh seo tiomantas na h-Éireann faoi Fhorógra Paris ar Éifeacht an Chúnaimh chun comhoibriú le deonaithe agus le páirtithe eile chun eagar agus ailíniú a chur ar sheachada cúnaimh – rud gur chóir fáilte a chur roimhe. Tá buairt ar an gCoiste go bhfuil laigí suntasacha i mórán tíortha ag forbairt i gcórais chuntasaíochta agus airgeadais a gcuid rialtas agus mar thoradh air seo go mbíonn a dtorthaí iniúchta faoi amhras. Admhaíonn an Coiste Iniúchta, áfach, go bhfuil Cúnamh Éireann agus deonaithe eile ag déanamh sár iarrachtaí díograiseacha an cuntasaíocht, agus na córais airgeadais agus ceannasaíochta in eagraíochtaí páirtithe a fheabhsú ina iomlán. Tá i gceist ag an gCoiste díriú go tréan ar na gnéithe seo i 2008, le h-athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Cúnamh Éireann agus ag na deonaithe eile chun feabhas suntasach a chur ar chórais iomlána na n-eagraíochtaí páirtithe, agus ag na Rialtais Náisiúnta agus Áitiúla, ach go h-áirithe.

. Oibríonn Cúnamh Éireann i dteannta le deonaithe eile agus a pháirtithe chun na socraithe freagrachta a neartú, mar aon le bainistíocht airgeadais agus córais iniúchta in Oifigí na n-Iniúchóirí Ciste agus Cuntas Náisiúnta san Aetóip, in Uganda, Mósaimbíc agus Lesotho. Leanfaidh an Coiste ag déanamh cúraim faoi leith ar conas a chabhraíonn Cúram Éireann an fhorbairt ins na h-oifigí seo a uasmhéadú agus fiosróidh siad, chomh maith, conas is féidir le h-Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ról a bheith aige ins na próisis seo.

### Staidéar ar chás áirithe

Bíonn Clár Tacaíochta Tigray ins an Aetóip ag braith i gcuid ar thuairisc iniúchta Ard Reachtaire an Réigiúin féin. Bé an chéad mheasúnú ar chumas na h-iniúchta agus ábaltacht Oifig an Ard Reachtaire (OAR) ná cé gur theastaigh neartú uaidh chun buachan ar laincisí inniúlachta, bhí, agus tá fós, ceannasaíocht láidir san oifig. Déanadh measúnú ar riachtanais inniúlachta a aithin laincisí mar easpa acmhainní mar ríomhairí; iompar & rl. chun go mbeadh an fhoireann in ann iniúchtaí a dhéanamh, agus easpa scileanna sa bhfoireann atá ann cheana. Fadhb eile a bhfacthas ná easpa tuisceana ar iniúchtaí agus ar mhaoirseacht i measc bhall na parlaiminte.

Os rud é gur ceann de choinníollacha príomha tacaíocht phríomha é iniúchadh éifeachtach, tráthúil, tá Cúnamh Éireann tar éis cabhair a thabhairt do OAR chun tabhairt faoina fhadhbanna inniúlachta le linn na dtrí bhliain seo caite. I measc na ngnéithe ann bhí:

- Soláthar Fearais – feithiclí, ríomhairí, bogearra iniúchta, printéirí, agus araile
- Traenáil ar ríomhairí agus ar bhogearra, cúrsa athnuachana ar theicnící iniúchta, tacú le h-uasghrádú cáilíochtaí do leibhéil ACCA/CIA, Teastais agus Céime, aistriúcháin lámhleabhar, leabhar proifisiúnta, comhroinnt taithí

Bhí traenáil ann, chomh maith, do bhaill na parlaiminte ar ardú feasachta agus Coiste an Bhuiséid agus na gCuntas atá freagrach as gnéithe iniúchta, agus ceannairí oifig rannóg an rialtais réigiúnaigh. Bhí páirt ag fostaithe OAR i gcuairteanna chomh-thaithí chuig Oifigí Ard Reachtaire Feidearálacha agus Réigiúnacha.

Tá sé ion-tuigthe ó thuarascálacha bliantúla OAR, go bhfuil cumas OAR Tigray feabhsaithe go mór tar éis an tacaíocht ó Chúnamh Éireann. Tá sé tar éis méadú a dhéanamh ar oifigí ranna réigiún agus ceantair go ndéanann siad iniúchadh orthu gach bliain agus toirbhríonn siad a dtuairiscí don Pharlaimint Réigiúnach laistigh 3-3 mhí roimh dheireadh na bliana. Tá Coiste an Bhuiséid Réigiúnaigh agus na gCuntas tar éis bheith gníomhach ag freagairt do thuarascáil OAR i dteannta le turais a thabhairt ar na ceantair agus ar na h-oifigí níos laige chun freagairt do droch-thuairiscí.

Tá ag éirí anois le OAR iniúchadh bliantúil na gcuntas comhdhlúite a chríochnú ar an sprioc-dáta de dhá mhí dhéag tar éis dheireadh na bliana. Tá sé seo éascaithe ag bua tionscnamh Taca Gníomhaíochta Díláraithe Chúnamh Éireann a thug an cumhacht don oifig airgeadais na cuntais riachtanacha a chur le chéile agus a chríochnú ar bhonn níos tráthúla.

Tá socruithe curtha i bhfeidhm ag an Bhainistíocht chun tuairisciú rialta a dhéanamh leis an gCoiste Iniúchta ar iar-ghníomhaíocht ar chur i bhfeidhm na moltaí agus na ngnéithe ardaithe i dtuairiscí bliantúla cheana an Choiste agus i dtuairiscí an Aonaid Luachála agus Iniúchta. Cuireann an Coiste fáilte roimh seo.

I dtaobh Vóta 28 déanadh iniúchtaí inmheánacha ag cúig cinn de Mhisin thar sáile, mar aon le cuaird amháin a déanadh i gcomhpháirtíocht leis an Aonad Cigireachta. Thug an Coiste Iniúchta faoi ndeara gur tugadh tuairim deimhneach iniúchta i ngach cás. Tá an Coiste ag tnúth le críochnú agus le moladh straitéis na h-iniúchta agus chlár oibre il-bhliana do Vóta 28.

**Moltaí:**

**Molann an Coiste Iniúchta go:**

- **go gcríochnófaí agus go molfadh an Rúnaí Ginearálta an straitéis iniúchta agus an plean oibre il-bhliana do Vóta 28;**
- **gur chóir do Chúnamh Éireann toisc an leibhéal ard maoinithe a thugann Cúnamh Éireann do pháirtithe Rialtais i dtíortha cláir:**
- **leanúint lena chuid iarrachtaí díograiseacha, i dtaca le deonaithe eile, tabhairt faoi laigí iniúchta agus córais smachta inmheánacha na bpáirtithe a neartú;**
- **I dteannta le deonaithe eile, leanúint leis an dtacaíocht i neartú chumas Oifigí na n-Ard Reachtairí i dtíortha páirtithe.**

## 3. Luacháil

Fáiltíonn an Coiste roimh fhoilsiú Polasaí Luachála Cúnamh Éireann i 2007. Leagann an polasaí amach dearcadh Cúnamh Éireann ar luacháil agus léiríonn sé conas mar a chabhraíonn an luacháil le Cúnamh Éireann feabhas a chur ar thairbhe, ar éifeacht agus ar a iomchuí is atá sé do chúnamh forbartha.

Díríonn clár oibre bliantúil an Aonaid Luachála agus Iniúchta ar luachála go bhfuil tábhacht speisialta straitéiseacha leo do Chúnamh Éireann, i dteannta le athbhreithnithe chlár na Roinne faoi thionscnamh Luach as an Airgead agus Athbhreithniú Polasaí.

I measc na Luachála príomha do 2007 bhí:

- Athbhreithniú ar Luach as an Airgead caite ag Cúnamh Éireann ar Thíortha gur chuaigh an Tsunami i bhFeidhm orthu;
- Luacháil ar Chláir Tíre Mósaimbíc 2001 – 2006 (Athbhreithniú Luach as Airgead);
- Athbhreithniú ar Sheirbhís Acmhainn Misean Éireann;
- Luacháil Traenáil Forbartha agus Iniamh Chlár Traenála – D- Caint (Taca le Traenáil do ranna ENR agus Misinéirí);
- Chomh-luacháil Eagraíocht Saothair Idirnáisiúnta – Clár Páirtíochta Cúnamh Éireann (arna threorú ag an ESI);
- Chomh-Luacháil an Rannóg Sláinte, An Tansáin (arna threorú ag Danida, An Danmhairg);
- Chomh-Luacháil na e-Scol Domhanda agus Iniamh na bPobal (GeSCI) – (arna threorú ag Cúnamh Éireann).

I dteannta leis na h-oibreacha sin tosaíodh ar dhá Athbhreithniú Luach as an Airgead eile i 2007 agus táid le bheith críochnaithe agus foilsithe i 2008:

- Athbhreithniú Luach as an Airgead i Seirbhís na bPas (Vóta 28);
- Athbhreithniú Luach as an Airgead ar thaca Cúnamh Éireann do VEID/SEIF.

Nuair atá sé iomchuí déanann Cúnamh Éireann luachála ar chomh-bhonn le deonaithe eile.

Aithníonn an Coiste Iniúchta an claonadh seo atá ag fás mar mhodh éifeachtach chun ceachtanna a fhoghlaim agus a bheith freagrach. Ar a shon san, sholáthar Chomh-Luacháil an Ranna Sláinte sa Tansáin, a bhí faoi bhainistíocht Roinn Luachála Danida (An Danmhairg) ar son Rialtas na Tansáine agus deonaithe eile, mar Chúnamh Éireann, léargas fairsing, tábhachtach. Fuair an luacháil amach go raibh dul chun cinn an-mhór déanta in ísliú an ráta báis i naíonáin agus i leanaí. Dhein sé taifead leis ar fheabhais thar na bearta ar fháil ar dhrugaí, ar sholáthar fearais agus ar thraenáil foireann ospidéil, cé nach bhfuil an leasú san ospidéal ag dul ar aghaidh ag an luas céanna is a tá gnéithe eile de leasaithe eile san rannóg sláinte. Thugadar faoi ndeara go speisialta go bhfuil an plean chomh-chistíochta idir Rialtas agus Deonaí an-éifeachtach i neartú seirbhísí sláinte

ceantair. In ainneoin na bhfeabhsaithe seo uile, áfach, bhí an tuairisc ar an dtuairim go gcaithfear i bhfad níos mó a bheith déanta, in ísliú bás máthar, ach go h-áirithe. Bhíodar den dtuairim, chomh maith, go bhfuil roinnt des na laincis ar theach ar sheirbhísí lasmuigh de smacht díreach an rannóg sláinte mar táid ag braith ar iargúltacht agus ar chostais arda iompair.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh fhoilsiú na tuarascála deiridh ar Thomhas an chur i bhfeidhm gur déanadh coimisiúnú air ag Bord Comhairleach Cúnamh Éireann. I measc na dTorthaí Príomha bhí:

- Tá gá le measúnaithe níos doimhne agus níos géire ar thionscnaimh scoite;
- Níorbh fholáir an dóchas go mbeadh measúnú cruinn, ceart leis an ngaol idir chúnamh agus Aidhmeanna Forbartha na Mílaoise (AFM) a bheith maolaithe;
- Níorbh fholáir tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar chomhchuibheas an pholasaí ina iomlán;
- Tá bearnaí ann i measúnú an tionchair a bhí ag cúnamh forbartha tugtha ag na ENR.

Molann an Coiste go scaipeann Cúnamh Éireann an tuairisc shintéise ar fud na h-eagraíochta agus go n-úsáideann sé na torthaí príomha i gcleachtais phleanála straitéise san todhchaí.

Aithníonn an Coiste Iniúchta go bhfuil cuid mhór de bhuiséad Cúnamh Éireann i dtíortha an chláir ag dul trí chórais rialtais atá ina bpáirtithe mar thaca le straitéisí chun bochtaineacht a laghdú. Thángthas ar an gcinneadh an chistíocht a threorú trí chórais rialtais tar éis bheith ag déileáil ar feadh tamaill fhada leis an tír ina comhpháirtí, trí mheasúnú ar an dtimpeallacht áitiúil airgeadais agus i bpáirtíocht le deonaithe eile, de ghnáth. Cuireann an Coiste béim ar an ngá atá le Cúnamh Éireann aird a thabhairt ar na torthaí agus ar thionchar laghdú ar an mbochtaineacht trí úsáid tacaíochta ón mbuiséad ginearálta. Molann an Coiste Iniúchta do Chúnamh Éireann aire leanúnach a thabhairt do cheachtanna a fhoghlaim ó mheasúnú na gcomh-dheonaithe ar Thacaíocht an Bhuiséid Ghinearálta agus tá sé ag súil le críochnú critéir Cúnamh Éireann i leith ghlacadh leis an modh cistíochta seo.

## Moltaí:

**Molann an Coiste Iniúchta go:**

- **dtabharfaí aire mhaith don gceacht foghlamtha ó luachála na gcomh-dheonaithe ar Thacaíocht an Bhuiséid Ghinearálta agus go machnaíonn an Bhainistíocht go bríomhar ar impleachtaí an pholasaí iomchuí;**
- **gcuirfí ráiteas soiléir le chéile ar na critéir faoina n-oibreodh Cúnamh Éireann le Tacaíocht an Bhuiséid Ghinearálta.**

## 4. Riosca d' Aithint

Toisc an timpeallacht ina bhfuil an Clár Cúnaimh ag gníomhú ann, tá smaointí an Choiste Iniúchta ar ghnéithe riosca dírithe ar Chúnamh Éireann.

Cuireann an Coiste fáilte roimh Phlean Oibre Cúnamh Éireann nua a threoróidh chur i bhfeidhm na bpolasaithe agus na ngealltanas sa Pháipéar Bán ar Chúnamh Éireann, a théann lena phrionsabail chroílár. Tá sé mar aidhm ag an bplean go n-eiseachadfaidh cláir Chúnamh Éireann agus a struchtúir bhainistíochta fíor-bhuntáistí leanúnacha dá pháirtithe ins na tíortha ag forbairt. Tugann an Coiste faoi ndeara go léiríonn an Plean Oibre gnéithe idirnáisiúnta agus náisiúnta go gcaithfeadh Clár Cúnamh Éireann atá ag leathnú ceann a thabhairt dó mar aon leis an méadú go bhfuiltear ag súil leis i gcúnamh forbartha oifigiúil; deonaithe nua ag eascair, fondúireachtaí agus iniamh domhanda, agus an gá le freagracht níos mó ó institiúid domhanda agus ó ghníomhaireachtaí forbartha.

Ceapann an Coiste Iniúchta go gcaithfí ráiteas polasaí a fhoilsiú ag leagadh amach a sheasamh ar bhainistíocht riosca atá bainteach go dlúth nuair atáthar ag oibriú Clár Cúnaimh le h-éagsúlacht mhór mhodhanna cúnaimh i réimse tíortha difriúla atá ag forbairt. Ba chóir go gcuirfidís teachtaireacht amach go bhfuil rioscaí go bunúsach i dtimpeallacht forbartha cúnamh agus nach féidir le Cúnamh Éireann seasamh frith-riosca a thógáil do seachada Clár nuálaí, éifeachtach. Ba chóir go míneodh nádúr na rioscaí a bhíonn os comhair Chúnamh Éireann chomh maith leis na straitéisí bainistíochta riosca atá i bhfeidhm ag an eagraíocht chun na seansanna go dtarlódh na rioscaí a ísliú agus/nó torthaí na rioscaí a bhogadh dá dtarlaíodh.

Déanann an Coiste Iniúchta an pointe toisc go bhfuil an clár cúnaimh tar éis fás go tapa le blianta beaga anuas go bhfuil sé riachtanach go bhfuil fócas leanúnach ar thomhas a dhíriú ar mar a théann sé i bhfeidhm agus luach as an airgead a aimsiú. Ceapann an Coiste, chomh maith, go mb'fhéidir go mbeadh gá le h-athbhreithniú a dhéanamh ar chastacht an chláir chúnaimh chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé dírithe ar na h-achair sin go bhfuil nirt faoi leith ag Cúnamh Éireann, agus go n-úsáideann siad na h-acmhainní sa mhéid agus is féidir. Ina theannta san, ba chóir go gclúdódh athbhreithniú dá leithéid na dualgais speisialtóireacht rannach níos mó agus cleachtais deonaithe a chomhoiriúnú mar ar socraíodh i Forógra Paris ar Éifeacht an Chúnaimh.

Fáiltíonn an Coiste roimh an ceangal níos mó ag Cúnamh Éireann le Ranna Rialtais eile (trí an Coiste Idir-Ranna ar Fhorbairt) agus institiúidí eile agus an neartú ar ghaoil le páirtithe reatha agus le páirtithe leasmhara.

Ta fhios ag an gCoiste go soláthraíonn Cúnamh Éireann tacaíocht dos na tíortha is boichte ar domhan go bhfuil cáil ar roinnt acu go bhfuil cleachtais éillitheacha arda iontu. Tuigeann sé go mbíonn rioscaí do dheonaithe, agus Éire san áireamh, nuair a bhítear ag obair i dtíortha le rialtais laga. Os rud é go gcuireann cleachtais éillitheacha isteach ar na daoine is boichte san tsochaí, tugann an Coiste aitheantas do thiomantas Cúnamh Éireann déileáil le h-éillitheacht trí fheabhas a chur ar oscailteacht agus freagracht, trí thacú le h-institiúid poiblí airdeallacha, le h-athchur na parlaiminte agus leis na meáin neamhspleácha agus acmhainn an ghnáth-phobail a fhorbairt chun dul i bhfeidhm air agus monatóireacht a dhéanamh ar chinnidh polasaí. Cé go bhfuil an Coiste sásta go bhfuil próisis iniúchta Cúnamh Éireann ag iarraidh deimhnithe d'fháil i dtaobh mhaoinithe phoiblí, griogann sé Cúnamh Éireann, i gcomhpháirtíocht le deonaithe eile, leanúint ar aghaidh go díograiseach, dúthrachtach na laigí iniúchta a cheartú agus na córais smachta inmheánacha in eagraíochtaí comhpháirtíochta a neartú. (Féach, chomh maith, ar an rannóg roimhe seo "Iniúchadh Inmheánach").

Aithníonn an Coiste Iniúchta gur riosca bunúsach i dtimpeallacht chúnamh forbartha é an éillitheacht. Fáiltíonn an Coiste Iniúchta roimh an cód cleachtais a ghlac Cúnamh Éireann dá fhoireann agus iad ag déileáil le h-éillitheacht in eagraíochtaí comhpháirtíochta go bhfuil cistíocht phoiblí Éireannach á fáil acu.

Tar éis teacht ar chinneadh an chistíocht iltaobhach d'ardú i 2007, tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara gurab ionann ranníocaíochtaí uile Cúnamh Éireann do Chistíocht agus do Chláir na NA agus 17% den Chúnamh Forbartha Thar Lear ar fad anois. Cuireann an Coiste fáilte roimh an dearcadh roghnach a ghlacadh faoi gníomhaireachtaí príomha a aithint le bheith ina bpáirtithe leis na NA, mar CÉINAL, CFNA, ACTNA, CAONA, ESD. Fáiltíonn sé, chomh maith, roimh fhorbairt Fráma Oibre Freagrachta do Chúnamh Éireann agus iad ag obair ag leibhéal domhanda, ag leibhéal oll-dheonaí agus ag leibhéal dé-dheonaí. Ag an leibhéal domhanda ciallaíonn sé sin go mbeidh Cúnamh Éireann mar bhall gníomhach de Bhord CFNA

i 2008. Ina theannta sin beidh sé rannpháirteach i bhforbairt pleananna straitéiseacha CAONA agus CFNA san todhchaí. Ah leibhéal an oll-dheonaí fáiltíonn an Coiste roimh ballraíocht Cúnamh Éireann, ar ball beag, i nGréasán Measúnú Obair Eagraíocht Iltaobhach (GMOEI) mar aon le grúpaí oll-dheonaithe eile agus cleachtais mheasúnaithe. Tá an Coiste ag súil leis na tuarascálacha eisithe ag GMOEI d'fháil nuair a bhfaigheann Cúnamh Éireann iad.

Ag an leibhéal dé-thaobhach ceapann an Coiste gur céim ar aghaidh deimhneach é forbairt na Socraithe Fráma Oibre le h-aidhmeanna soiléire agus le táscairí le páirtithe príomha NA. Bítear ag súil go dtacófaí leo seo trí chomhairliúcháin dé-thaobhacha níos géarchúisí, inar féidir eolas agus taithí Cúnamh Éireann foghlamtha ag leibhéal tíre do bheith dírithe ar an gclár athruithe faid is gur feidir torthaí do bheith measúnaithe ag leibhéal na páirce. Tá an Coiste ag tnúth le bheith curtha ar a eolas faoin mhéid atá bainte amach i gcodarsnacht leis na táscairí príomha i Fráma Oibre na Socraithe.

Tá an Coiste Iniúchta den dtuairim go mbeadh fócas breise ar thalmhaíocht agus ar chruthú fostaíochta inmholta laistigh den gclár cúnaimh chun forbairt inmharthana d'fháil. Caitheann an Coiste an moladh amach gur gnéithe iad seo gur mhian leis an Bord Comhairleach tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu (i gcomhairle leis an gCoiste Iniúchta, b' fhéidir).

## Moltaí:

**Molann an Coiste Iniúchta go:**

- **bhfoilsíonn Cúnamh Éireann ráiteas polasaí a léiríonn seasamh Cúnamh Éireann ar bhainistíocht na rioscaí a bhaineann go bunúsach le feidhmiú Clár Cúnaimh ilghnéitheach;**
- **leanann Cúnamh Éireann ar aghaidh, trína bhainistíocht agus trína fhoireann inmheánach iniúchta lonnaithe-sa pháirc, ag comhoibriú le h-eagraíochtaí i gcomh-pháirtíocht leo chun córais smachta inmheánacha a neartú chun a dheimhniú go gcaitear an t-airgead go h-éifeachtach;**
- **mba cheart go leanfadh Cúnamh Éireann ag deimhniú go bhfuil a chórais bhainistíochta in ann; (a) an seans ar chalaois a ísliú chomh h-íseal agus is féidir, (b) ócáidí calaoise in eagraíochtaí comhpháirtíochta a fhiosrú agus gníomhú ina choinne mar is cóir in am tráthúil, agus (c) taifead a choimeád ar gach fiosrúchán déanta;**
- **ndéanfaí monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm Chlár agus Pholasaí Bhainistíocht Riosca na Roinne;**
- **ndéanann Cúnamh Éireann deimhin de go gclúdaíonn a fhráma oibre bainistíochta riosca cistíocht soláthraithe do eagraíochtaí iltaobhacha;**
- **ndéanann Cúnamh Éireann athbhreithniú ar chastacht an chláir chúnaimh chun a dheimhniú go bhfuil se dírithe ar na h-achair ina bhfuil nirt faoi leith acu iontu agus ina n-uasmhéadaíonn siad úsáid na n-acmhainní. Ba cheart go gclúdódh an t-athbhreithniú sin na dualgais speisialtóireacht rannach níos mó agus comhoiriúnú chleachtas na ndeonaithe mar ar aontaíodh leo i bhForógra Paris ar Éifeacht Cúnaimh.**

## 5. Cúrsaí Acmhainne agus Eagraíochta

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara in ainneoin na n-iarrachtaí déanta i 2007 chun acmhainní an Aonaid Luachála agus Iniúchta a neartú (go h-áirithe trí fhoireann bhreise iniúchta a cheapadh) go raibh an t-Aonad gan go leor acmhainn aige le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Tá an Coiste iniúchta buartha go bhfuil na folúntais faoi láthair ag cur laincis ar éifeacht an Aonaid Luachála agus Iniúchta. Nuair a ghlactar leis go bhfuil feidhm éifeachtach luachála agus iniúchta criticiúil do fhreagracht san chlár cúnaimh, tá an Coiste Iniúchta ag súil go líonfaí na folúntais gan mhoill.

Tacaíonn an Coiste Iniúchta le buairt an Ghrúpa Chomhairleach Teicniúil VEID/SEIF do Chúnamh Éireann nach bhfuil na h-acmhainní foirne ar aon dul leis an dtiomantas ard polaitíochta mar fhreagra ar an paindéim VEID/SEIF. Creideann an Coiste go bhfuil rioscaí tromchúiseacha oibre agus rioscaí eile do bhainistíocht Chlár VEID/SEIF chomh h-éagsúil agus chomh casta de bharr easpa foirne cáilithe go cuí. Ba cheart aghaidh a thabhairt láithreach ar na cúrsaí foirne seo.

Mar ar tugadh faoi ndeara cheana san dtuarascáil seo tá cuid mhór de bhuiséad Cúnamh Éireann ag dul trí chórais na bpáirtí rialtas i dtíortha an chláir chun tacú le straitéisí ísliú bhochtaineachta. Os rud é go bhfuil gá le tacú a thabhairt do neartú bhainistíocht airgeadais agus Oifigí Náisiúnta Iniúchta i dtíortha an chláir molann an Coiste go láidir do Chúnamh Éireann earcaíocht a dhéanamh ar chumas agus ar acmhainn a fhorbairt i gCúrsaí Bainistíochta Airgeadais Phoiblí.

Tá an Coiste Iniúchta tar éis dul i gcomhairle le Bainistíocht Athbhreithnithe de chuid Chúnamh Éireann agus tá sé ráite acu leo faoin mbuairt atá orthu i dtaobh chúrsaí a bhaineann le bainistíocht mar acmhainn foirne, leibhéal cáilíochtaí agus cúrsaí earcaíochta. Tá an Coiste ag súil leis an dtuairisc dheiridh a fháil agus le cur i bhfeidhm a moltaí.

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara go bhfuil dílárú ceanncheathrú Cúnamh Éireann go Luimneach nach mór déanta anois agus d'inis an Roinn dóibh go bhfuil céimeanna tógtha chun a dheimhniú nach gcuirfeadh an t-aistriú isteach go diúltach ar éifeacht na bainistíochta ar an gclár cúnaimh.

Ceapann an Coiste Iniúchta go bhfuil imlonnú ceart foirne cáilithe, sciliúil agus oilte rí-thábhachtach do aon eagraíocht chun a h-aidhmeanna agus a spriocanna a bhaint amach. I dtaobh oifigí páirce Cúnamh Éireann cosúil le Misin eile na Roinne thar lear, im-lonnaítear foirne taidhleoireachta agus speisialta de réir chórais imlonnaithe pleanáilte. Tá an Coiste buartha go bhfuil an nós atá ann go mbíonn uainíocht na foirne atá ann de réir an chórais imlonnaithe chun cur isteach ar bhainistíocht na gClár Tíortha déthaobhacha.

Tugann an Coiste Iniúchta faoi ndeara gur dhein an Roinn Airgeadais athbhreithniú cheana ar ábhar Thraenáil Phroifisiúnta Airgeadais ins an Stát Seirbhís faoin dtionscnamh Fráma Oibre Bainistíocht Eolais. Níl sé soiléir ar glacadh le moltaí na tuarascála nó ar cuireadh iad i bhfeidhm. Ceapann an Coiste go bhfuil sé inmholta go soláthródh córais bhainistíochta acmhainn daonna sa Roinn forbairt chuí dá slí bheatha do fhoireann cháilithe go proifisiúnta i réimse an airgeadais chun bonn ceart a thabhairt do éifeacht na gcóras curtha i bhfeidhm faoi Fhráma Oibre an Bhainistíocht Eolais.

## Moltaí:

**Molann an Coiste Iniúchta:**

- **go líonfaí Folúntais, agus Ceann an Aonaid san áireamh, san Aonad Iniúchta agus Luachála, gan mhoill, agus go gcoimeádfaí acmhainní faoi athbhreithniú chun a dheimhniú go bhfuil feidhm luachála agus iniúchta chuimsitheach agus láidir ann;**
- **go ndéanfaí athbhreithniú ar phróisis earcaíochta foirne chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfaí iad thar thréimhse níos giorra;**
- **nár chóir go leanfadh an iomad aistrithe dóibh san atá i bhfeighil Chláir Thíortha in oifigí Chúnamh Éireann toisc oibriú an chórais ceapacháin do imlonnú foireann taidhleoireachta agus speisialta;**
- **go ndéanfaí gach iarracht athchur a dhéanamh ar fhoireann forbartha institiúideach agus speisialta atá caillte de bharr dhílárú Chúnamh Éireann;**
- **go gcoimeádann an Roinn bainistíocht acmhainn**

daonna faoi athbhreithniú ionas go ndeimhneofaí go soláthraíonn na straitéisí earcaíochta, buaine agus traenála an meascán cuí de cháilíochtaí agus de scileanna bainteach le h-airgead a uasmhéadódh éifeacht na gcóras bainistíochta airgeadais.

- Go neartaíonn Cúnamh Éireann a chumas agus a shaineolas i gCúrsaí Bainistíochta Poiblí Airgeadais.

Aguisíní

# Aguisín 1

## Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta:

25 Eanáir 2007

23 Feabhra 2007

14 Marta 2007

03 Bealtaine 2007

14 Meitheamh 2007

22 Deireadh Fómhair 2007

16 Samhain 2007

11 Nollaig 2007

18 Nollaig 2007

Mar aon leo san bhí seisiúin oibre eile ar siúl ag an gCoiste i rith na bliana.

# Aguisín 2

## Doiciméid Tábhachtacha a Phléigh an Coiste iniúchta:

Tionscnaimh an Taoisigh ar VEID/SEIF agus ar Ghalair Thógálacha Dhomhanda eile – Tuairisc 2006 *(Dréacht)*

Tionscnaimh an Taoisigh ar VEID/SEIF agus ar Ghalair Thógálacha Dhomhanda eile – Plean Oibre 2007 *(Dréacht)*

Tuarascáil Chúnamh Éireann ar Chaiteachas ar ghalar VEID/SEIF a Chosc, a Chóireáil agus Cúram a thabhairt do othair ar a bhfuil sé

An Roinn Gnóthaí Eachtracha – Ráiteas Polasaí ar Chalaois Feabhra 2007

Páipéar fráma oibre straitéiseach do Chúnamh Éireann chun idirghabháil le Cistí, le Cláir agus le Gníomhaireachtaí na NA – Bainistíocht Pholasaí Oxford

Tuarascálacha Iniúchta ar Chaiteachas do 2005

Athbhreithniú Piaraí ar fheidhm Luachála Ag COILNA – Tuairisc Dheiridh Bealtaine 2006

Luach as an Airgead agus Athbhreithniú Polasaí ar Chlár Tacaíochta do Ghrúpaí Imircigh Éireannacha – Iúl 2007

Luacháil ar Chláir Thíre Mósaimbíc 2001 – 2006 – Athbhreithniú ar Luach as an Airgead

Tomhas an Tionchair; comhthéacs Chláir Dhomhanda agus Chláir Cúnamh Éireann (Bord Comhairleach do Chúnamh Éireann)

Plean Oibre Chúnamh Éireann 2007- 2012

Pleananna Oibre Luachála agus Iniúchta

# Aguisín 3

## Léiriúcháin Faighte ag an gCoiste iniúchta

Le linn 2007 fuair an Coiste Iniúchta Léiriúcháin ar na nithe seo a leanas:

VEID/SEIF: Freagra Cúnamh Éireann – An Dr. Vincent O Neill, Ceann na Rannóige Teicniúla, Feabhra 2007

Cuntas suas chun dáta ar fhorbairtí le déanaí i gCúnamh Éireann ag an Stiúrthóir Ginearálta, Ronan Murphy agus an Leas Stiúrthóir Ginearálta, Brendan Rogers, Bealtaine 2007

Struchtúr Bhuiséad Vóta 28, le h- athruithe déanacha san áireamh – Rúnaí Cunta Adrian O Neill, Meitheamh 2007

Córas Rianaithe Iniúchta an CC – Tom Murphy, an Rannóg Forbartha Corparáideach agus Díláraithe, Meitheamh 2007

Tomhas an Tionchair; comhthéacs Chláir Dhomhanda agus Chláir Chunamh Éireann – léiriúchán ag Bord Comhairleach Chúnamh Éireann

An Clár Forbartha Iltaobhach, forbairtí le linn 2007 – Feilim McLoughlin, Ceann Rannóg Iltaobhach na NA, Mí na Samhna 2007

Léiriúcháin éagsúla ag an Aonad Luachála agus Iniúchta.

# Aguisín 4 – Achoimre ar Chaiteachas 2007

## Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha

| | Soláthar an Mheastacháin €000 | Táirgeacht €000 |
|---|---|---|
| **Riaradh** | | |
| A.1. Tuarastal, Pá agus Liúntais | 96,018 | 97,544 |
| A.2. Taisteal agus Leor-chothú | 8,600 | 7,417 |
| A.3. Costais Teagmhasacha | 6,750 | 6,939 |
| A.4. Soláthair Phoist agus Teileachumarsáide | 8,600 | 8,100 |
| A.5. Trealamh Oifige agus soláthair eile Oifige agus Seirbhísí Gaolmhara | 27,350 | 31,658 |
| A.6. Costais Fhoirgneamh Oifige | 47,640 | 32,777 |
| A.7. Seirbhísí Comhairleacha | 900 | 246 |
| A8. Athbhreithnithe Luach as an Airgead agus Polasaí | 100 | 30 |
| **Costais Iomlána Riartha** | **195,958** | **184,711** |
| **Caiteachas Chláir** | | |
| B. Aisdúichiú agus cothú Mhuintir na h-Éireann i nguais thar lear | 77 | 43 |
| C. Tacaíocht do Sheirbhísí do Imircigh as Éirinn | 15,165 | 14,180 |
| D. Seirbhísí Eolais | 566 | 415 |
| E. Ranníocaíochtaí do ghrúpaí corparáideacha in Éirinn chun caidreamh idirnáisiúnta a chur chun cinn – (Deontais i gcabhair) | 320 | 320 |
| F.1. Chomhoibriú Thuaidh Theas agus Sasana-Éireann | 3,000 | 2,694 |
| F.2. Ciste Idirnáisiúnta do Éirinn | 195 | 195 |
| G. Gaoil Chultúrtha le Tíortha eile – (Deontais i gcabhair) | 891 | 891 |
| H. Bord Comhairleach Eacnamaíoch Éire-Mheiriceá | 28 | 4 |
| I. Ranníocaíochtaí do Eagraíochtaí Idirnáisiúnta | 32,498 | 37,291 |
| J. Gníomhaíochtaí a lean ó Theideal V den Chonradh ar Aontas na h-Eorpa | 582 | 582 |
| K. Cúnamh do Stáit an AE agus do Stáit eile in Oirthear na h-Eorpa | 2,215 | 1,347 |
| L. Tionscnamh Dorchla an Atlantaigh | 250 | 250 |
| M. Straitéis na h-Áise | 200 | 168 |
| N. Cistí taca na h-Éireann | 2,000 | 0 |
| **Caiteachas Iomlán Chláir** | **57,987** | **58,380** |
| **Caiteachas Chomhlán** | **253,945** | **243,091** |
| O. Leithreasaí i gcabhair | 39,000 | 38,044 |
| **Caiteachas Glan-mhéid** | **214,945** | **205,047** |

# Aguisín 4 – Achoimre ar Chaiteachas 2007

## Vóta 29: Comhoibriú Idirnáisiúnta

| Seirbhís | Soláthar an Mheastacháin €000 | Táirgeacht €000 |
|---|---|---|
| **RIARADH - Fotheidil A1/7** | | |
| A.1. Tuarastail, Pá agus Liúntais | 17,752 | 17,036 |
| A.2. Taisteal agus Leor-chothú | 3,030 | 2,697 |
| A.3. Costais Teagmhasacha | 3,615 | 2,462 |
| A.4. Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | 1,420 | 1,009 |
| A.5. Trealamh Oifige agus Soláthair Oifige Eile agus Seirbhísí Gaolmhara | 1,320 | 1,153 |
| A.6. Costais Fhoirgneamh Oifige | 2,327 | 2,669 |
| A.7. Costais Chomhairliúcháin | 2,572 | 2,840 |
| A.8. Athbhreithnithe Luach as an Airgead agus Polasaí | 190 | 190 |
| Fo-iomlán | 32,226 | 30,056 |
| **Seirbhísí Eile** | | |
| B. Íocaíocht do Chiste Cúnamh-mar-Dheontas Do Chúnamh Dé-Thaobhach agus Comhoibriú Eile (Deontas i gcabhair) | 497,041 | 497,041 |
| C. Cabhair Dhaonna Éigeandála | 90,000 | 90,000 |
| D. Íocaíochtaí do Chistí Idirnáisiúnta ar son leasa Tíortha ag Forbairt | 24,250 | 24,217 |
| E. Ranníocaíochtaí do na Náisiúin Aontaithe agus Do ghníomhaireachtaí Forbartha eile | 86,440 | 86,432 |
| Fo-iomlán | 697,731 | 697,690 |
| **Comhlán** | **729,957** | **727.746** |
| F. Leithreasaí i gCabhair (bain amach) | 150 | 774 |
| **Glan-mhéid** | **729,807** | **726,972** |

# Aguisín a 5 – Iniúchtaí, Luachála agus Athbhreithnithe ar Luach as an Airgead i 2007

## Iniúchadh – Vóta 28

Thosaigh an t-Aonad Luachála agus Iniúchta a chlár iniúchta misean thar lear i 2006. Le linn 2007 déanadh seach gcinn de iniúchtaí, agus ceann amháin díobh san ab ea chomh-sannadh cigireachta-iniúchta a déanadh i dteannta le h-Aonad Cigireachta na Roinne.

## Iniúchadh – Vóta 29

Sonraithe thíos, ag tír an chláir, tá táblaí de thuarascálacha iniúchta atá críochnaithe.

Clúdaíonn na h-iniúchtaí seo na h-ambasáidí agus oifigí Cúnamh Éireann thar lear, agus cláir agus tionscnaimh maoinithe ag Rialtas na h-Éireann, agus a bhaineann le blianta airgeadais 2005 agus 2006. Tá líon na n-iniúchta faoi thionchar, ar an mór-gcóir, na modhanna cúnaimh in úsáid i dtír faoi leith. Bhí roinnt iniúchta bhreise i leith chaiteachas Cúnamh Éireann 2005 ar fáil.

**Tuarascálacha Breise Iniúchta ar Chaiteachas 2005 Cúnamh Éireann**

| | **Líon na n-Iniúchta** |
|---|---|
| An Tansáin | 1 |
| Uganda | 1 |
| An Afraic Theas | 4 |
| an Aetóip | 1 |
| **Iomlán na dTuarascálacha Breise** | **7** |

**Tuarascálacha Iniúchta ar Chaiteachas Cúnamh Éireann 2006**

| | **Líon na n-Iniúchta** |
|---|---|
| An Aetóip | 21 |
| Lesotho | 22 |
| Mósaimbíc | 32 |
| An Afraic Theas | 17 |
| An Tansáin | 10 |
| Timor Leste | 2 |
| Uganda | 22 |
| Zambia | 36 |
| Zimbabwe | 7 |
| **Iomlán** | ***169** |

* Faoi iamh ins na figiúir seo tá iniúchta inmheánacha agus cuairteanna

# Aguisín a 5 – Iniúchtaí, Luachála agus Athbhreithnithe ar Luach as an Airgead i 2007

## Luacháil

*Luachála Vóta 29 críochnaithe ag Cúnamh Éireann agus ar fáil ar shuíomh Gréasáin Cúnamh Éireann:*

- Luacháil Tacaíocht Chúnamh Éireann do Bhun Oideachais i Réigiún Rwenzori, Uganda:
- Luacháil Chiste Iontaobhas Banc Domhanda Chúnamh Éireann.

*Luachála Chomh-Dheontóirí ar siúl déanta le chomh-pháirtíocht Chúnamh Éireann i 2007:*

- Chomh-Luacháil Eagraíocht Saothar Idirnáisiúnta – Clár Páirtíocht Cúnamh Éireann (arna threorú ag an ESI);
- Chomh-Luacháil an Rannóg Sláinte, An Tansáin (arna threorú ag Danida, An Danmhairg) ar fáil ar fáil ar shuíomh Gréasáin Chúnamh Éireann;
- Chomh-Luacháil e-Scoileanna Domhanda agus Tionscnamh um Phobal (eSDTP) – (arna treorú ag Cúnamh Éireann).

*Luachála eile críochnaithe i 2007:*

- Athbhreithniú ar Sheirbhís Acmhainn Mhisinéireachta Éireann;
- Luacháil ar Thionscnamh-D-Caint Clár Foghlama agus Traenáil Fhorbartha (Tacaíocht do thraenáil do na ranna ENR agus Misinéireachta).

## Athbhreithnithe ar Luach as an Airgead

Tá an Roinn meáite ar chúig cinn de Athbhreithnithe, a chlúdaíonn an dá Vóta faoi an mbabhta reatha den dTionscnamh Athbhreithnithe Luach as an Airgead, a dhéanamh.

**Vóta 28:**

- Tacaíocht le Grúpaí Imirceach Éireannach Thar Lear – críochnaithe Iúl 2007;
- Athbhreithniú ar an Seirbhís Pas – le bheith críochnaithe i 2008.

**Vóta 29:**

- Athbhreithniú ar Luach as Airgead Chúnamh Éireann a thacaigh le Tíortha gur chuaigh an Tsunami i bhfeidhm orthu – foilsithe i nDeireadh Fómhair 2007;
- Luacháil ar Chláir Thíortha Mósaimbíc 2001 – 2006 (Athbhreithniú Luacháil as an Airgead) – foilsithe in Eanáir 2008;
- Athbhreithniú Luach as Airgead Chúnamh Éireann i Tacaíocht do VEID/SEIF le bheith críochnaithe i 2008.